



An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí


Aircraft Noise
Competent Authority

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Inniúil um Thorann Aerárthaí, 2020



Clár na nÁbhar

• Réamhráite	3
• Cé muid féin	5
• Cad a dhéanaimid	6
• Clár Oibre 2020	7
Téama Lárnach 1 – Measúnú	7
Téama Lárnach 2 – Rialúchán	8
Téama Lárnach 3 - Monatóireacht	9
• Clár Oibre 2021	11
Téama Lárnach 1 - Measúnú	11
Téama Lárnach 2 – Rialúchán	11
Téama Lárnach 3 - Monatóireacht	12
• Rialachas agus Comhlíonadh Airgeadais	13



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



San Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019 ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Inniúil chun críocha rialáil torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá áthas orm an dara tuarascáil bhliantúil seo ón Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí a chur i láthair.

Aithnítear i mbeartas an Rialtais faoi earnáil na heitlíochta an méid suntasach a chuireann tionscal na heitlíochta le forbairt eacnamaíoch na hÉireann. Bhí an-drochthionchar ag paindéim COVID-19 ar earnáil na heitlíochta in 2020. Cuireann an tÚdarás Inniúil cur chuige cothrom i bhfeidhm maidir le bainistíocht torainn aerárthaí chun a chinntiú go leanann an earnáil ar aghaidh ag feidhmiú ar bhealach sábháilte, atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

Tar éis a bhunaithe i mBealtaine 2019, lean an tÚdarás Inniúil lena chuid oibre ag measúnú tionchar astaíochtaí torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tá a ról curtha i bhfeidhm aige maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart atá i bhfeidhm chun éifeachtaí torainn a mhaolú. Mar sin féin, tá ról an Údaráis níos leithne ná rialáil agus forfheidhmiú amháin. Bíonn an tÚdarás i dteagmháil le hÚdarás an Aerfoirt agus leis an soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta chun tionchar a imirt ar fhorbairt beartas chun torann aerárthaí a bhainistiú agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Leagtar béim sa tuarascáil seo ar obair an Údaráis Inniúil in 2020, an chéad bhliain iomlán ina raibh an tÚdarás i mbun oibre. Áiríodh i gclár oibre 2020 measúnú a rinne an tÚdarás ar 14 iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tugtar sa tuarascáil seo freisin forbhreathnú ar an gclár oibre a bhfuil an tÚdarás Inniúil ag súil leis in 2021.

Táim ag tnúth go mór le leanúint in 2021 lenár gcaidreamh a chothú leis an tionscal eitlíochta, leis na pobail áitiúla agus leis na páirtithe leasmhara go léir ar spéis leo na cúrsaí seo agus muid ag obair ar an gcéad mheasúnú torainn aerárthaí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi mar a éilítear leis an reachtaíocht.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Gilbert Power a chuaigh ar scor mar Stiúrthóir Seirbhíse an Údaráis Inniúil in 2020. Bhí ról lárnach ag Gilbert i mbunú an Údaráis Inniúil agus a bheith i gceannas air nuair a bhí sé ag a chéim mhúnlaiteach. Thar ceann fhoireann uile an Údaráis Inniúil, gabhaim buíochas leis as a thiomantas agus guím gach rath air agus é ar scor. Tá Ethna Felten tagtha ar an bhfoireann mar an Stiúrthóir Seirbhíse nua agus guím gach rath uirthi agus an ról tábhachtach seo á chomhlíonadh aici sa tréimhse atá amach romhainn.

AnnMarie Farrelly

Príomhfheidhmeannach

Comhairle Contae Fhine Gall, Feabhra 2021

Ráiteas ón Stiúrthóir Seirbhíse



Bunaíodh an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí ('an tÚdarás Inniúil') mar stiúrthóireacht neamhspleách ar leithligh laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall díreach breis agus bliain ó shin.

Le linn 2020, rinneamar athbhreithniú ar cheithre iarratas déag ar phleanáil le haghaidh forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Rinneadh gach iarratas a mheas agus socraíodh go raibh comhpháirteanna i gceann amháin de na hiarratais a d'fhágfadh go mbeadh gá le próiseas measúnaithe torainn aerárthaigh faoi mar a éilíonn an reachtaíocht.

Cuimseoidh ár gclár oibre 2021 measúnú iomlán ar chúrsaí torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuid den phróiseas um rialáil torainn aerárthaí is ea comhairliúchán poiblí.

Bhí an-drochthionchar ag paindéim COVID-19 ar oibríochtaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2020. Ba é an toradh a bhí air seo ná an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí a laghdú go suntasach agus an tionchar a bhí ag torann aerárthaigh ar na pobail mórthimpeall an aerfoirt. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach ndéanfar an leibhéal laghdaithe torainn seo de bharr gníomhaíochta aerárthaí a chur san áireamh in aon ghnéithe bunlíne maidir le hiarratais phleanála atá á n-athbhreithniú ag an Údarás.

Molaim do dhaoine ar spéis leo an próiseas bainistíochta torainn aerárthaí athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil *Maolú Torainn Aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath*, a d'fhoilsigh an tÚdarás Inniúil i mí Lúnasa 2020. Tá an tuarascáil seo agus faisnéis úsáideach eile a bhaineann leis an bpróiseas um rialáil torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Tá an tÚdarás Inniúil ag tnúth le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir ar spéis leo an scéal chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh a bhaineann le torann aerárthaí a mheas, a rialáil agus monatóireacht a dhéanamh air ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ethna Felten

Stiúrthóir Seirbhíse an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí



Ó chlé go deas: Angela Dullaghan, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach, Joe Mahon, Innealtóir Sinsearach, Ethna Felten, Stiúrthóir Seirbhíse, Aileen Meagle, Riarthóir.

Cé muid féin

Tá feidhmeanna reachtúla an Údarás Inniúil dílsithe i bPríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall. Is stiúrthóireacht neamhspleách é an tÚdarás Inniúil faoi stiúir Stiúrthóir Seirbhíse a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann lárnach feidhmiúcháin agus soláthraithe seirbhíse speisialaithe.

Faightear seirbhís speisialta ar conradh trí phróisis tairisceana poiblí. Sa chaoi seo bíonn rochtain ag foireann an Údarás Inniúil ar shaineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimsí mar eitlíocht, fuaimíocht, pleanáil, an comhshaol, cúrsaí dlí, mapáil GIS agus cumarsáid.

Is féidir an tsamhail oibríochta inscálaithe seo a oiriúnú chun croífhaidhmeanna an Údarás a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Tugann sé freagra freisin do riachtanais thréimhsiúla maidir le hacmhainní seachtracha chun a chinntiú go gcuirfimid ár sainordú i bhfeidhm chun oibriú ar bhealach costéifeachtach.



Cad a dhéanaimid

Tá an tÚdarás Inniúil freagrach as a chinntiú go ndéantar torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheas de réir reachtaíocht an AE agus na hÉireann agus as a chinntiú go gcuirtear Cur Chuige Cothromaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta i bhfeidhm i gcás ina n-aithníonn athbhreithniú den sórt sin fadhb torainn ag an aerfort.

Féachann an Cur Chuige Cothromaithe le dul i ngleic le fadhbanna torainn aerárthaí ag aerfoirt faoi leith tríd an tairbhe comhshaoil is mó a bhaint amach sa chaoi is costéifeachtaí.

Tá ról maoirseachta ag an Údarás Inniúil chun comhlíonadh a chinntiú agus bearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá ról ag an Údarás Inniúil freisin maidir le féachaint cé atá incháilithe ó thaobh scéimeanna inslithe tí. Tá tuilleadh faisnéise faoi na scéimeanna inslithe tí ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Athbhreithniú ar Chlár Oibre 2020

Téama Lárnach 1 – Measúnú

Ina chéad bhliain iomlán oibríochta, thiomsaigh agus scrúdaigh an tÚdarás Inniúil sonraí ó oibríochtaí aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun scrúdú ar chúrsaí torainn ag an aerfort a éascú.

Cé go bhfuil tionchar iomlán na paidéime coronavirs fós le cinneadh, is cinnte gur athraigh coinneáil eitleán na n-aerlínte ar an talamh cúrsaí torainn thart faoi aerfoirt sa ghearrthéarma agus tá réamhaisnéisí cruinne faoi chúrsaí torainn sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma fós neamhchinnte.

Is éard atá i gceist leis an measúnú ar staid an torainn ag an aerfort ná scrúdú a dhéanamh ar éabhlóid cúrsaí torainn ag an aerfort agus sa phobal máguaird thar thréimhse ama le féachaint an fadhb torainn a bhaineann go sonrach leis an aerfort é an nochtadh torainn reatha nó réamh-mheasta ar gá aghaidh a thabhairt uirthi.

Féadfar cuspóir torainn don aerfort a cheapadh mar chuid de mheasúnú torainn foriomlán lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Tabharfaidh cuspóir torainn treoir do mheasúnuithe sa toadhcháil chun a fháil amach an leor na bearta maolaithe torainn atá ann faoi láthair chun a gcuspóir a bhaint amach nó bhfuil bearta rialaithe breise riachtanach.

Cuireann an tÚdarás Pleanála gach iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig an Údarás Inniúil lena meas. Agus iarratas pleanála á mheas aige, ní mór don Údarás Inniúil cinneadh a dhéanamh an bhféadfadh na tograí fadhb thorainn a chruthú. Cuimsíonn ról an mheasúnaithe go ndéanfadh an tÚdarás Inniúil scrúdú ar phleanála le fáil amach an bhféadfadh impleachtaí torainn aerárthaigh a bheith ag baint leo nach mór a mhaolú.

Freastalaíonn an tÚdarás Inniúil ar chomhairliúcháin réamhphleanála idir an tÚdarás Pleanála agus iarratasóirí ar cheadanna pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Déantar é seo chun a chinntiú gur féidir maolú iomchuí a ionchorprú sa dearadh ag an gcéim is luaithe is féidir i gcás forbairtí beartaithe a bhféadfadh impleachtaí torainn aerárthaigh a bheith ag baint leo.



In 2020, d'fhreastail an tÚdarás Inniúil ar 10 gcomhairliúchán réamhphleanála



In 2020, atreoraíodh 14 iarratas pleanála chuig an Údarás Inniúil lena meas*

* Cuimsíonn sé seo an t-iarratas ar Ghníomh Ábhartha chun dhá choinníoll pleanála a leasú a ghabhann leis an Rúidbhealach Thuaidh.

Tá sonraí faoi na hiarratais phleanála sin foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údarás Inniúil www.fingal.ie/aircraftnoise/planningapplicationsreferredtoaircraftnoisecompetentauthority

Athbhreithniú ar Chlár Oibre 2020


Téama Lárnach 2 – Rialúchán

Nuair a shainaithnítear fadhb thorainn trí mheasúnú ar chúrsaí torainn atá ann, nó fadhb thorainn a d'fhéadfadh teacht chun cinn trí fhorbairt aerfoirt, ní mór don Údarás Inniúil Cur Chuige Cothromaithe na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir na buntáistí comhshaoil is mó a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus inchainníochtaithe.

Is iad na ceithre phríomhghné de Chur Chuige Cothromaithe ICAO i leith Bainistíocht Torainn Aerárthaí:



An Cur Chuige Cothromaithe a Chur i bhFeidhm:



Athbhreithniú ar Chlár Oibre 2020

Téama Lárnach 3 – Monatóireacht

Tá Údarás an Aerfoirt freagrach as bearta maolaithe torainn a thabhairt isteach agus as a chinntiú go gcomhlíonann úsáideoirí uile an aerfoirt iad.


Caitheadh Údarás an Aerfoirt tuarascáil chomhlíonta bhliantúil a sholáthar agus tá ról monatóireachta agus maoirseachta comhlíonta ag an Údarás Inniúil maidir léi sin. Fuair an tÚdarás Inniúil tuarascáil chomhlíonta an aerfoirt d'oibríochtaí aerárthaí na bliana 2019 i rith mhí Lúnasa. Tá an tuarascáil seo, mar aon leis an bhfaisnéis bhreise a d'iarr an tÚdarás Inniúil, le fáil ar shuíomh Gréasáin an Údarás Inniúil.

Athbhreithniú ar Scéimeanna Inslithe Baile

I mí Iúil, rinne an tÚdarás Inniúil athbhreithniú ar sceideal na réadmhaoine a d'aithin Údarás an Aerfoirt mar áitribh atá incháilithe ó thaobh insliú tí a dhéanamh orthu. Faoi láthair déantar incháilitheacht a chinneadh de réir limistéar atá suite laistigh de chomhrianta torainn sainithe. Tá dhá scéim um insliú tí i bhfeidhm faoi láthair – ceann do na tithe is mó a a bhfuil oibríochtaí reatha aerárthaí an aerfoirt ag dul i bhfeidhm orthu (Clár um Inslíú Fuaime do Tithe) agus scéim amháin a bhaineann le cead pleanála a thabhairt don Rúidbhealach Thuaidh nua (Scéim um Inslíú Torainn d'Árais Chónaithe). Tá tuilleadh faisnéise faoi na scéimeanna seo le fáil ar shuíomh Gréasáin an Údarás Inniúil agus is féidir tithe aonair a scrúdú ar an léarscáil idirghníomhach chun a fháil amach an bhfuil siad incháilithe lena n-áireamh sna scéimeanna faoi láthair.

Foráiltear le cead pleanála don Rúidbhealach Thuaidh go ndéanfar athbhreithniú rialta ar na comhrianta torainn lena chinntiú go ndéantar comhrianta torainn tuartha a bhailíochtú i bhfianaise an torainn iarbhír nuair bheidh an rúidbhealach nua á úsáid.

Tá ceanglais phleanála ann freisin maidir le scéim inslithe do scoileanna agus scéim ceannaigh dheonach do thithe áirithe laistigh de limistéir chomhrianta sainithe. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na scéimeanna seo a fháil ar shuíomhanna Gréasáin an Údarás Phleanála agus Údarás an Aerfoirt.



Athbhreithniú ar Chlár Oibre 2020

Téama Lárnach 3 – Monatóireacht (ar lean.)

Foilseacháin

D'fhoilsigh an tÚdarás Inniúil tuarascáil forbheathnaithe ar mhaolú torainn aerárthaí i mí Lúnasa.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil samplaí de bhearta maolaithe ar féidir leis an tionscal eitlíochta a úsáid chun cabhrú le torann aerárthaí a laghdú agus a bhainistiú. Tá na bearta seo curtha i láthair faoi na colún éagsúla de Chur Chuige Cothrom ICAO. Tugann an t-athbhreithniú breac-chuntas freisin ar an raon beart maolaithe torainn idir éighníomhach agus ghníomhach atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na córais a úsáideann Údarás an Aerfoirt i mbainistiú torainn. Is féidir an tuarascáil sin a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Inniúil.

D'fhoilsigh an tÚdarás Inniúil *Tuarascáil Chomhlíonta Bhliantúil Maolaithe Torainn Údarás an Aerfoirt* ar shuíomh gréasáin an Údaráis Inniúil chomh maith, mar aon le faisnéis fhorlíontach a iarradh. Tá an tÚdarás Inniúil tiomanta dá chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis uile atá ar fáil maidir le torann aerárthaí ar fáil don phobal agus tá sé ag obair le hÚdarás an Aerfoirt chun uirlis rannpháirtíochta pobail a chur i bhfeidhm a chuirfidh faisnéis ábhartha maidir le torann reatha agus stairiúil i láthair, mar aon le sonraí gaolmhara eile.

Tionchar COVID-19 ar thorann aerárthaigh

Bhí tionchar COVID-19 ar eitlíocht dhomhanda agus náisiúnta ar cheann de na suaití ba shuntasáí a tharla don tionscal riamh. Cé gur tháinig aerthrácht domhanda paisinéirí aniar i gcónaí ó shuaitheadh gearrthéarmach, tá sé fós le feiceáil cad iad na torthaí fadtéarmacha a bheidh ag COVID-19.

Chuir roinnt aerlínte tús leis an bpróiseas cheana féin maidir le héirí as aerárthaí níos sine a úsáid a bhfuil astaíochtaí torainn agus carbóin níos airde acu. Fiú amháin roimh an bpaindéim COVID-19, bhí cuid de na haerárthaí ba mhó á dtarraingt siar as seirbhís. B'fhéidir go ndéanfar an próiseas seo a luathú anois.



Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tugann comharthaí luatha le fios go mbeidh ról níos suntasáí ag aerárthaí níos nuaí agus níos lú san eitlíocht is go mbeidh laghdú comhfhreagrach ar astaíochtaí torainn ó oibríochtaí eitle. Tá aerárthaí nua-aimseartha tar éis éirí níos ciúine le 50 bliain anuas agus, cé gur tharla na feabhsuithe ba shuntasáí i dteicneolaíocht innill idir na 1960idí déanacha agus deireadh na 1990idí, de réir mar a athrófar fliteanna aerárthaí go cinn níos déanaí cuirfear feabhas le himeacht ama ar chúrsaí foriomlán torainn ag aerfoirt. Tá cosc ar na glúnta aerárthaí is sine oibriú ag aerfoirt an AE.

Clár Oibre 2021

Téama Lárnach 1 – Measúnú

Rinne Údarás an Aerfoirt iarratas chuig Roinn Pleanála Chomhairle Contae Fhine Gall i mí na Nollag 2020 chun na coinníollacha pleanála a bhaineann le srianta oibriúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a athrú.

Agus a shainchúram reachtúil á chomhlíonadh aige, chuir an tÚdarás Inniúil tús le measúnú ar chúrsaí torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. I gcomhlíonadh a dhualgas tá rochtain ag an Údarás Inniúil ar shaineolas speisialaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta in eitlíocht, fuaimíocht, an comhshaol agus pleanáil.

Téama Lárnach 2 – Rialúchán

Nuair a aithnítear fadhb torainn nó fadhb torainn ionchasach ag an aerfort, cinnteoidh an tÚdarás Inniúil go gcuirfead Cur Chuige Cothrom ICAO i leith Bainistiú Torainn Aerárthaí i bhfeidhm. Déanfar machnamh ar an ngá atá le cuspóir laghdaithe torainn laistigh den phróiseas measúnaithe foriomlán ar chúrsaí torainn na n-aerárthach ag an aerfort.


Nuair a bhíonn cuspóir laghdaithe torainn ag teastáil ag an aerfort, leathnaítear sainchúram an Údarás Inniúil chun athbhreithniú a áireamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn agus na srianta oibriúcháin (más ann dóibh) maidir leis an gcuspóir laghdaithe torainn a bhaint amach.

Mar chuid dá mheasúnú, tionólfadh an tÚdarás Inniúil comhairliúchán poiblí 14 seachtaine ag lorg aiseolais ar an gcuspóir laghdaithe torainn, ar an measúnú comhshaoil agus ar an dréachtchinneadh rialála. Breithneoidh an tÚdarás Inniúil gach aiseolas a chuirfead ar fáil sula ndéanfar cinneadh rialála deiridh. Fógrófar tuilleadh faisnéise faoin gcomhairliúchán poiblí ar ár suíomh gréasáin agus in sna meáin chumarsáide.

Eiseofar cinneadh rialála deiridh, nuair a dhéanfar é, chuig an Údarás Pleanála agus cuirfidh sé bonn eolais ar fáil maidir lena chinneadh ó thaobh toradh an phróisis phleanála.

Éascaíonn an reachtaíocht rialaithe cinneadh an Údarás Phleanála a achomharc chuig an mBord Pleanála.

Torainn Aerárthaí - Próiseas Rialaithe



Téama Lárnach 3 - Monatóireacht

Leanfaidh an tÚdarás Inniúil ar aghaidh lena chuid oibre le hÚdarás an Aerfoirt in 2021 chun cur i bhfeidhm an chleachtas is fearr maidir le maolú torainn agus tuairisciú don phobal faoi chúrsaí torainn lena n-áirítear:

- Faisnéis stairiúil agus reatha ó ghairis um thomhas torainn a chur ar fáil ar an idirlíon;
- Líon na ngaireas um thomhais torainn sa phobal a mhéadú;
- Sonraí comhlíonta na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag an aerfort a thomhas agus a fhoilsiú;
- Rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar fhaisnéis a bhaineann le hoibríochtaí aerárthaí ar chomhrianta torainn;
- Tacú le soláthar uirlisí rannpháirtíochta pobail bunaithe ar an ngréasán chun go mbeidh sé níos éasca tuairisc a sheoladh faoi imeachtaí aerárthaí ar leith a chuireann as do dhaoine.

Rochtain ar Eolas

Tá an tÚdarás Inniúil tiomanta dá chuid oibre a dhéanamh ar bhealach oscailte, trédhearcach. Tá an tÚdarás freagrach as a chinntí agus creideann sé gurb é rochtain éasca ar fhaisnéis ábhartha an bealach is fearr chun díospóireacht eolasach a éascú faoi thionchar torainn aerárthaí.


Táimid tiomanta d'fhaisnéis úsáideach a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Údarás Inniúil (www.fingal.ie/aircraftnoise) agus leanúint le feidhmiúlacht a fhorbairt agus cur leis chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi obair an Údarás agus a chinntí.

Tá a fhios againn go mbaineann téarmaíocht theicniúil agus téarmaí a bhaineann go sonrach leis an tionscal le go leor dár gcuid oibre, ach déanfaimid iarracht úsáid neamhriachtanach na dtéarmaí sin a sheachaint agus míneoimid a gciall nuair is gá iad a úsáid.

Tá foilseacháin ar ár suíomh gréasáin freisin a choimisiúnaigh nó a d'ullmhaigh an tÚdarás Inniúil, mar aon le tuarascálacha comhlíonta reachtúla maolaithe torainn a d'ullmhaigh Údarás an Aerfoirt. Foilsíonn an tÚdarás Inniúil na forbairtí is déanaí sa chuid nuachta den suíomh gréasáin agus trí na cuntais Twitter [@aircraftnoise](https://twitter.com/aircraftnoise) agus [@FingalCoco](https://twitter.com/FingalCoco).

Bíonn comhairliúchán poiblí mar chuid de go leor dár bpróisis rialála chun cuimsiú agus breithniú gach dearcadh a éascú. Cinnteoidh an tÚdarás Inniúil go ndéanfar ár gcomhairliúcháin go léir ar bhealach oscailte, trédhearcach agus tabharfar aird ar gach dearcadh gan fabhar.

Achoimre Airgeadais an Údarás Inniúil 2020



Cúrsaí Airgeadais Rialachais agus Comhlíonta

Achoimre Airgeadais

Ceanglaítear le reachtaíocht ar an Údarás Inniúil oibriú ar bhealach costéifeachtach agus tá na cuntais airgeadais aige faoi réir iniúchadh neamhspleách. Bhí cuntais an Údarás san áireamh san iniúchadh a rinne an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall in 2020.

Ceanglaítear le hAcht 2019 ar Údarás an Aerfoirt muirear míosúil, débhlíantúil nó bliantúil a íoc i leith na gcostas a thabhaíonn an tÚdarás Inniúil nó a bhfuiltear ag súil leo go réasúnach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Forordaítear méid an tobhaigh aerfoirt le rialachán. Is féidir na rialacháin go léir a rinne an tÚdarás Inniúil faoi Alt 5 d'Acht 2019 a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin.

Éilíonn obair an Údarás ionchur ar bhonn uaineach ó speisialtóirí tionscail i réimsí na heacnamaíochta, eitlíochta, fuaimíochta agus cúrsaí dlí. Faigheann an tÚdarás Inniúil tacaíocht ó sholáthraithe seachtracha seirbhíse speisialtóireachta a fuarthas trí phróisis tairisceana poiblí. Oibríonn saineolaithe ábhair ar thionscadail shonracha nó cuireann siad le cinnteoireacht agus le ceapadh beartais san Údarás.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo de réir cheanglais Alt 3(9)(c) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.



**An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí**

**Aircraft Noise
Competent Authority**

Teileafón: 01 890 5998

Ríomhphost: [aircraftnoise@
fingal.ie](mailto:aircraftnoise@fingal.ie)

Gréasáin: [www.fingal.ie/
aircraftnoise](http://www.fingal.ie/aircraftnoise)

Seoladh: An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí, Comhairle
Contae Fhine Gall, Halla an
Chontae, an Phríomhshráid, Sord,
Co Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2.